Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, (arna leasú))

FÓGRA GO BHFUIL ATHRÚ UIMH. 7
AR PHLEAN FORBARTHA CHATHAIR NA GAILLIMHE 2017-2023

Tugtar fógra leis seo, de bhun Alt 13 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), go ndearna Comhairle Cathrach na Gaillimhe, an tÚdarás Pleanála don Chathair, ag a gcruinniú Dé Luain, 22 Feabhra 2021, Athrú Uimh. 7 ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 maidir leo seo:

Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún agus Cuspóirí Sonracha a Leasú chun Síneadh a chur leis an gCuspóir Sonrach reatha – Bealach Bus (GTS) chun nasc a sholáthar trí thailte criosaithe ZA ó Bhóthar an Choláiste chuig Bóthar Loch an tSáile.

Cuspóirí Sonracha Chuid 3.10 a leasú chun téacs breise a chur ar fáil a tacaíonn sa bhreis le tionscadail Straitéis Iompair na Gaillimhe lena n-áirítear bearta Iompar Poiblí, Líonra Rochtana Lár na Cathrach, an Nasc Traschathrach, agus an Líonra Rothaíochta.

Is féidir féachaint ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 mar aon leis an Athrú, agus measúnuithe comhshaoil agus iad a íoslódáil, ag www.galwaycity.ie.

Is féidir féachaint ar chóip de Phlean Forbartha na Cathrach 2017-2023 agus an Athrú ag na hionaid seo a leanas: An Rannóg Pleanála agus na Leabharlanna sa Chathair.

Má tá tuilleadh eolais uait, cuir glaoch ar an Rannóg Plean agus Beartais ar 091 536599.

Síniú: Ruth McNally,
Stiúrthóir Seirbhísí Iompair, Pleanála, Forbartha Fhisiciúil agus Acmhainní Daonna